



**An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Nóta Treorach

Tacaíochtaí san ionad oibre
d'fhostaithe a bhfuil foréigean
teaghlaigh agus drochíde sa
teaghlach á bhfulaingt acu





An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Women's  Aid

Clár na nÁbhar

1.	Maidir leis an Nóta Treorach	5
	Téarmaíocht	6
	Conas an Nóta Treorach a léamh	7
	Acmhainní breise	7
2.	Réamhrá	8
	Cad is foréigean teaghlaigh ann?	9
	Cén fáth a mbaineann ceist an fhoréigin teaghlaigh leis an ionad oibre?	11
3.	Incháilitheacht	13
4.	Conas rochtain a fháil ar fhorálacha an pholasaí	14
	Duine ainmnithe	15
	Tacaíocht don duine ainmnithe	15
5.	Nochtadh	16
	Bheith in ann comharthaí ar fhoréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a fheiceáil	17
	Ag cur tús leis an gcomhrá	18
	Ag tabhairt aghaidhe ar nochtadh	19
	Na teorainneacha gairmiúla	20
	Ag nochtadh do chomhghleacaí	21
	Ag obair ón mbaile	21
	Ag cruthú timpeallachta san ionad oibre atá neamhdhíobhálach do nochtadh	22
	Ceardchumann	22
6.	Rúndacht	23
	Ag comhroinnt faisnéise le daoine eile	23
	An chaoi le taifid a choinneáil tar éis an nochta	23
	Ag riar ar shaoire um fhoréigean teaghlaigh	25
	An chaoi le saoire um fhoréigean teaghlaigh a dhoiciméadú ar dhuillíní pá	25
	Teorainneacha le rúndacht	25

7.	Tacaíochtaí atá ar fáil	27
7.1	Saoire um fhoréigean teaghlaigh	27
7.2	Saoire speisialta	29
7.3	Sábháilteacht san ionad oibre	29
	Treoir maidir le plean sábháilteachta san ionad oibre	30
7.4	Atreoruithe	31
7.5	Cúnamh airgeadais	33
7.6	Cosaintí fostaíochta	34
7.7	Maidir le taifid a choinneáil	35
8.	Iompar san ionad oibre	36
	An dá pháirtí fostaithe leis an eagraíocht chéanna	37
9.	Múscailt feasachta agus oiliúint	39
	Aguisín A: Treoir maidir le plean sábháilteachta san ionad oibre	42
	Aguisín B: Acmhainní Breise	46



1. Maidir leis an Nóta Treorach

Tá an Nóta Treorach seo deartha chun treoir a thabhairt d'fhostóirí maidir le Saoire um Fhoréigean Teaghlaigh a chur i bhfeidhm agus maidir le polasaí tacaíochta a fhorbairt. Comhlánaíonn sé an *teimpléad polasaí um thacaíocht san ionad oibre d'fhostaithe a bhfuil foréigean teaghlaigh á bhfulaingt acu*¹ (dá ngairtear Teimpléad an Pholasaí sa Nóta seo).

Is teidlíocht reachtúil í saoire um fhoréigean teaghlaigh, a tugadh isteach faoin *Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* (dá ngairtear an 'tAcht' air amach anseo sa Nóta seo). Tugtar sa Nóta Treorach seo faisnéis ábhartha chun tacú le fostóirí maidir leis an tsaoire reachtúil. Ina theannta sin, tugtar treoir sa Nóta seo maidir le cur i bhfeidhm polasaí tacaíochta agus ba cheart é a léamh in éineacht le Teimpléad an Pholasaí.

Ba chóir go mbeadh infheidhmeacht ghinearálta ag an Nóta seo maidir le gach fostaíocht, beag beann ar eagsúlachtaí ó thaobh méide, tionscail agus socráithe oibre de. Níl an Nóta ach deartha chun treoir a chur ar fáil, ní comhairle dlí é, agus ba cheart do gach fostóir ciall a bhaint as nó é a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a s(h)ainriachtanais eagraíochtúla, na gcleachtas atá ann cheana féin, agus na n-acmhainní atá ar fáil. Ba chóir d'fhostóirí Teimpléad an Pholasaí a chur in oiriúint dá (h)eagraíocht féin.

Tá go leor saincheistanna ann a théann i bhfeidhm ar fhostaithe le linn a saoil oibre. Tá dea-chleachtais agus tacaíocht i bhfeidhm ag go leor fostóirí chun déileáil go héifeachtach le cásanna den sórt sin. Cé go bhféadfadh dúshlán shonracha a bheith i gceist le haghaidh a thabhairt ar nochtadh drochíde sa teaghlach, moltar d'fhostóirí a gcur chuige a chur i bhfeidhm nó a oiriúnú do chásanna dúshlánacha a thagann chun cinn, de réir mar is cuí.

1 Chun rochtain a fháil ar Theimpléad an Pholasaí, tabhair cuairt ar www.dvatwork.ie

Téarmaíocht

Nóta ar roinnt téarmaíochta a úsáidtear sa cháipéis seo:

Foréigean teaghlaigh, Drochíde sa teaghlach, nó Foréigean teaghlaigh agus Drochíde sa teaghlach	<p>Is é an téarma dlíthiúil in Éirinn ná 'foréigean teaghlaigh'. Mar sin féin, úsáidtear na téarmaí go hidirghalartaithe ar fud na cáipéise seo chun a admháil go n-aithníonn go leor marthanóirí-íospartaigh níos mó leis an téarma 'drochíde sa teaghlach' toisc nach mbaineann sé le mí-úsáid ar bhoinn corpartha amháin.</p> <p>Tagraíonn na téarmaí seo go léir don tsraith chéanna d'iompar mí-úsáide corpartha agus neamh-chorpartha a dhéanann comhpháirtithe collaí/iar-chomhpháirtithe reatha agus baill teaghlaigh (lena n-áirítear mí-úsáid mhothúcháinach, corpartha, ghnéasach agus eacnamaíoch agus smachtú comhéigneach). Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach: Réamhrá > Cad is foréigean teaghlaigh ann?</p>
Marthanóir-íospartach	<p>Tagraíonn an téarma 'marthanóir-íospartach' d'aon duine a d'fhulaing drochíde sa teaghlach. Bainimid úsáid as an téarma seo chun a léiriú gur fearr le daoine áirithe an téarma 'Marthanóir-íospartach', agus gur fearr le daoine eile 'marthanóir'. Is fearr le cuid acu nach téarma é agus ba chóir meas a léiriú i gcónaí ar roghanna daoine aonair i gcomhrá díreach.</p>
Duine ainmnithe	<p>I gcuid 4 thíos, cuirtear treoir ar fáil maidir le conas tacaíochtaí a dhéanamh inrochtana d'fhostaithe. Moltar d'fhostóirí duine oiriúnach a ainmniú. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhainisteoir líne, úinéir an ghnóthais, duine AD, nó duine eile, ag brath ar an struchtúr agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Chun críocha an Nóta seo, úsáidimid an téarma cineálach 'duine ainmnithe' chun tagairt a dhéanamh do cibé duine teagmhála a ainmníonn an fostóir, laistigh den fhostaíocht.</p>






Conas an Nóta Treorach a léamh

Tá gach cuid de Theimpléad an Pholasaí le feiceáil sa doiciméad seo, le huimhriú comhfhreagrach. Tugtar sa Nóta Treorach an méid seo a leanas do gach cuid:

Cúlra	Soláthraíonn sé comhthéacs chun an chuid seo a chur san áireamh i dTeimpléad an Pholasaí agus an fhaisnéis a roinntear sa Nóta Treorach.
Faisneis riachtanach	Ní mór do gach fostóir machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis seo agus ar conas is féidir í a chuíchóiriú dá (h)eagraíocht chun freagairt shábháilte agus éifeachtach san ionad oibre a chur ar fáil d'fhostaithe lena mbaineann.
Ábhair eile mhachnaimh	Réimsí breise ceisteanna d'fhostóirí, faoi réir chineál a ngnó agus na Sn-acmhainní atá ar fáil.

Tá trí phríomhphrionsabal mar bhonn agus mar thaca chun saoire um fhoréigean teaghlaigh a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go héifeachtach. Déanfaidh gach cuid den Nóta Treorach seo iad a chur i gcomhthéacs nuair is cuí.

 <p>Rúndacht a choinneáil</p>	<p>Ní hionann foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach agus saincheisteanna sábháilteachta eile san ionad oibre sa mhéid is go bhféadfadh comhroinnt faisnéise gan toiliú an fhostaí a nochtadh tionchar diúltach a imirt ar a s(h)ábháilteacht agus ar a f(h)olláine. Ní mór rúndacht agus aon teorainneacha leis a chur san áireamh i gcónaí (féach: Rúndacht).</p>
 <p>A bheith faoi stiúir fostaithe</p>	<p>Is iad fostaithe a bhfuil foréigean teaghlaigh á bhfulaingt acu na measúnóirí is fearr ar a bpríacal féin. Féadfaidh siad a roghnú gan ach codanna áirithe dá bhfulaingt a chomhroinnt agus í a nochtadh acu ar obair. Mar sin, is freagairt shábháilte agus éifeachtach í ceann atá de réir riachtanais agus mhianta an fhostaí. Is iad na bealaí simplí chun é seo a dhéanamh ná:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Roghanna a thairiscint gan oibleagáid a chur ar an bhfostaí glacadh leo. • Fiafraigh den fhostaí cad atá uaidh/uaithi nó a theastaíonn uaidh/uaithi. <p>Ní faoi fhostóirí atá sé an fhadhb a 'réiteach'. Ina ionad sin, is é an ról atá acu rochtain fostaithe ar thacaíocht a éascú, cibé acu trí fhorálacha a bpolasaí san ionad oibre nó trí sheirbhísí seachtracha (féach: Atreoruithe).</p>
 <p>Lean ar chleachtais agus ar pholasaithe atá ann cheana</p>	<p>Is ábhair mhachnaimh iad saincheisteanna a bhaineann le caidreamh fostaithe agus folláine ghinearálta d'fhostóirí i gcás go leor saincheisteanna éagsúla. Ní hionann drochíde sa teaghlach agus an méid sin, agus is minic a chabhraíonn cleachtais agus polasaithe ghnó atá ann cheana féin (e.g. Force Majeure) le freagairt san ionad oibre ar an gceist seo a fhorbairt. Tá sé de cheart ag gach fostóir machnamh a dhéanamh ar a gcur chuige féin, a bheidh sonrach dá c(h)ineál gnó, c(h)ultúr san ionad oibre, agus mar sin de.</p>

Acmhainní breise

Tá raidhse faisnéise ann faoi ábhar an fhoréigin teaghlaigh agus an cúlra a bhaineann le saoire um fhoréigean teaghlaigh a thabhairt isteach ar bhonn reachtúil. Sa chuid Acmhainní Breise ag deireadh an Nóta seo, tugtar naisc chuig faisnéis ábhartha (féach: [Aguisín B](#)).

2. Réamhrá

Cúlra

In 2023, thug Rialtas na hÉireann ceanglas dlíthiúil isteach d'fhostóirí suas le cúig lá de shaoire le pá a thairiscint thar thréimhse 12 mhí d'fhostaithe a d'fhulaing foréigean teaghlaigh ('saoire um fhoréigean teaghlaigh'². Deanann an tAcht sainmhíniú ar 'fhoréigean teaghlaigh', agus tá an sainmhíniú sin leagtha amach in Alt 2 de Theimpléad an Pholasaí. Sa chás go foréigean teaghlaigh ar fhostaí nó ar 'dhuine iomchuí' (a shainmhínítear san Acht freisin agus atá leagtha amach in alt 2 de Theimpléad an Pholasaí), tagann teidlíocht chun cinn maidir le saoire um fhoréigean teaghlaigh. Íoctar an gnáthphá leis an bhfostaí do na laethanta sin.

Is féidir le shainmhíniú dlí a bheith casta in amanna. Chun críocha na saoire reachtúla, áfach, is féidir an sainmhíniú a chur i bhfeidhm go docht. I gcás nach gcomhlíonann na críocha a bhfuil an tsaoire á lorg ina leith an sainmhíniú, ní thagann aon teidlíocht ar shaoire reachtúil um fhoréigean teaghlaigh chun cinn, áfach, ní chuireann sé sin cosc ar an bhfostóir machnamh a dhéanamh ar am saor a dheonú, mar shaoire bhliantúil, nó mar shaoire eile, cibé acu íoctha nó neamhíoctha.

Is gníomh é saoire um fhoréigean teaghlaigh a thabhairt isteach atá leabaithe i bplean cur chun feidhme an Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FTGIB³, a bhfuil sé mar aidhm aici neamhfhulaingt⁴FTGIB a bhaint amach i sochaí na hÉireann. Aithnítear sa Straitéis, cé gur féidir le fir agus mná araon a bheith ina marthanóirí-íospartaigh, gur mó go díreireach a bhíonn mhná agus cailíní thíos leis mar léiriú ar chaidreamh cumhachta atá éagothrom go stairiúil idir fir agus mná. Laistigh d'Éirinn, léirítear é seo sna staitisticí leitheadúlachta maidir le drochíde sa teaghlach: Tugadh drochíde de bhean as gach ceathrar in Éirinn a bhí nó atá i gcaidreamh le páirtí.

2 An tAcht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023:

<https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2023/8/eng/enacted/a0823.pdf>

3 Féach gníomh 2.4.10 i bplean cur chun feidhme an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le FTGIB:

<https://www.gov.ie/en/publication/a43a9-third-national-strategy-on-domestic-sexual-and-gender-based-violence/>

4 <https://www.gov.ie/en/campaigns/fb746-zero-tolerance/>

Cad is foréigean teaghlaigh ann?

Tarlaíonn foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach nuair a dhéanann duine iarracht cumhacht agus smacht a fháil agus a choinneáil ar a p(h)áirtí reatha nó ar a (h)iarpháirtí, nó i gcásanna áirithe ball teaghlaigh, trí phatrún imeaglaíthe, leithlisithe, ionramhála, comhéignithe agus ionsaithe a úsáid. Is iomaí cineál drochíde sa teaghlach atá ann. Is féidir leis a bheith corpartha, mothúchánach, gnéasach, agus eacnamaíoch, lena n-áirítear smachtú. Is annamh a thugtar drochíde i bhfoirm amháin; Úsáideann déantóirí coire seifteanna éagsúla mar chuid de phatrún níos leithne d'iompar smachtaithe agus drochíde. Rud tábhachtach, ní gá go mbeadh mí-úsáid chorportha ina fhachtóir i gcónaí i gcaidreamh mí-úsáide.

<p>Drochíde mhothúchánach</p>	<p>Tagraíonn mí-úsáid mhothúchánach nó shíceolaíoch d'iompar atá deartha chun an t-íospartach a aonrú agus an bonn a bhaint de/di chun iad a smachtú. D'fhéadfadh iompar neamh-chorpartha cosúil le bagairtí, maslaí, náiriú, imeaglú, aonrú, stalcaireacht, agus ciapadh intinne a bheith i gceist.</p> <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ag béicíl, ag scairteach, nó ag glaoh drochainmneacha • Téacsanna, teachtaireachtaí ríomhphoist agus glaonna drochídeacha • Bagairt dochar a dhéanamh don íospartach-marthanóir nó daofa féin • Monatóireacht a dhéanamh ar an íospartach-marthanóir trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht, e.g. logáil teileafóin agus teachtaireachtaí a sheiceáil, na meáin shóisialta a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí, ceamaraí ceilte a shuiteáil
<p>Drochíde eacnamaíoch</p>	<p>Is éard atá i gceist le drochíde eacnamaíoch ná nuair a dhéanann an drochídeoir rochtain ar airgead agus ar acmhainní eile, amhail bia, éadaí, iompar agus áit chónaithe an mharthanóra-íospartaigh a shrianadh, a dhúshaothrú nó sabaitéireacht orthu.</p> <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An t-íospartach-marthanóir a chosc ó bheith in oideachas nó i bhfostaíocht nó iad a thoirmeasc • Pá an mharthanóra-íospartaigh a ghlacadh • Úsáid maoine amhail gluaisteáin, fóin phóca nó ríomhairí glúine a smachtú • Diúltú ranníocaíocht a dhéanamh le costas an teaghlaigh nó cúram leanáí

<p>Drochíde ghnéasach</p>	<p>Is éard atá i gceist le drochíde ghnéasach ná nuair a chuireann an drochídeoir iallach ar an íospartach-marthanóir rud éigin gnéasach a dhéanamh le lámh láidir nó faoi bhrú, nach bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh. Bíonn dúshláin níos mó roimh dhaoine aonair a fhulaingíonn mí-úsáid maidir le caidreamh gnéasach comhthoiliúil agus cothrom a chaibidlíú le páirtí, rud a mhéadaíonn an baol go dtarlódh comhéigean gnéasach.</p> <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ag insint don íospartach-marthanóir go bhfuil sé/sí faoi chomaoin ag an drochídeoir gnéas a bheith aige/aici leis/léi nó gnéas béil a thabhairt dó/dí • Pógadh gan iarraidh, crúbáil nó gníomhaíochtaí eile gnéis • Diúltú coiscín a úsáid nó rochtain ar fhrithghiniúint a shrianadh • Íomhánna nó físeáin atá gáirsiúil a thógáil, a chomhroinnt nó bagairt a dhéanamh iad a chomhroinnt gan toiliú (ar a dtugtar 'drochíde ghnéasach íomhábhunaithe' freisin)
<p>Drochíde chorpartha</p>	<p>B'fhéidir gurb í drochíde chorpartha an cineál drochíde is aitheanta. Ní fhágann sé marcanna nó coilim infheicthe i gcónaí ach d'fhéadfadh sé éirí i bhfad níos measa le himeacht ama. D'fhéadfadh gortú corpartha a bheith mar thoradh air agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith bagrach don bheatha.</p> <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Duine a ghreasáil, a bhrú, a scríobadh, dorn a tharraingt ar dhuine, plaic a bhaint as duine, duine a thachtadh, a chiceáil, nó dhó • Gruaig an mharthanóra-íospartaigh a tharraingt nó greim a fháil ar a (h)aghaidh • Rudaí a chaitheamh leis an íospartach-marthanóir nó in aice leis/léi • Cosc fisiciúil a chur ar an íospartach-marthanóir imeacht áit éigin
<p>Smachtú comhéigeanach</p>	<p>Is patrún leanúnach é smachtú comhéigeanach d'iompar smachtaithe, comhéigeanach agus bagrach lena n-áirítear gach cineál drochíde sa teaghlach nó cuid de. Is iondúil go n-éiríonn sé níos measa le himeacht ama agus go gcuireann sé isteach ar an íospartach-marthanóir sa chaidreamh agus go mbraitear imeacht a bheith dodhéanta nó contúirteach. Is coir in Éirinn é smachtú comhéigeanach.</p>

Is féidir le foréigean teaghlaigh luí go buan ar gach gné de shaol íospartaigh-marthanóra: Corpartha, síceolaíoch, mothúchánach, gnéasach agus atáirgthe, sóisialta, agus eacnamaíoch.

<p>Samplaí de thionchair an fhoréigin teaghlaigh</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Saoirse agus neamhspleáchas a chailleadh • I ngreim ag an eagla de shíor/'bheith ar cipíní' • Leithlisiú • Deacracht fostaíocht a choinneáil • Bochtanas • Easpa Dídine • Míchumais fhisiciúla • Toircheas gan iarraidh • Dúlagar agus imní • Pian ainsealach • Bás
---	---

Cén fáth a mbaineann ceist an fhoréigin teaghlaigh leis an ionad oibre?

Scéal Emilia

Tá Emilia ag dul trí thréimhse an-deacair ó chlis ar a caidreamh 10 mbliana lena páirtí. Bhog sí isteach ina háit féin le déanaí agus ó shin i leith níl deireadh riamh leis na glaonna ciaptha agus na téacsanna óna hiarpháirtí.

Ar ócáidí éagsúla, nuair a bhí sé chun a hiníon a bhailiú chun í a thabhairt ar scoil ar maidin, agus déanta na fírinne níor nocht sé agus fágadh Emilia ar a míle dícheall ag iarraidh a hiníon a thabhairt ar scoil sula raibh uirthi a bheith ar obair. Mar thoradh air sin, bíonn Emilia mall ar obair agus is minic a haird ar na teachtaireachtaí agus na glaonna iomadúla ar a fón pearsanta. Tá rabhadh ó bhéal faighte aici cheana féin agus tá inní uirthi go dtiocfadh an t-am go dtabharfar bata agus bóthar di.

Tugtar drochíde sa teaghlach do thart ar 1 as gach triúr le linn a saoil oibre⁵.

Is minic a bhíonn an t-ionad oibre thíos mar thoradh ar fhoréigean teaghlaigh ar na bealaí seo a leanas.

Sábháilteacht agus slándáil	Táirgiúlacht, rannpháirtíocht agus tinreamh	Dul chun cinn gairme agus cobhsaíocht fostaíochta
Is minic a leanfaidh lucht déanta na drochíde sa teaghlach leis an drochíde sin fad is atá an t-íospartach-marthanóir ag an obair nó ag taisteal chuig/ón obair.	D'fhéadfadh toradh diúltach a bheith ag tionchar an fhoréigin teaghlaigh ar táirgiúlacht an mharthanóra-íospartaigh.	Is minic a bhíonn tionchar ag an bhforéigean agus ag an drochíde ar chumas fostaí a lánacmhainneacht a bhaint amach san obair. D'fhéadfadh sé seo deacracht a chruthú maidir le fostaíocht a choinneáil agus éifeachtaí iarmhartacha a bheith aige ar dhul chun cinn gairme na n-íospartach-marthanóirí.
D'fhéadfadh ciapadh, stalcaireacht agus ionsaí an mhí-úsáideora dul i bhfeidhm go díreach ar chomhoibrithe.	Sa chás go bhfuil drochíde á fulaingnt ag fostaí, is gnách méadú ar neamhláithreacht a fheiceáil.	

Chomh maith leis an méid a chuirfeadh fostaithe a dhéanann foréigean teaghlaigh ar fhostaithe atá ina marthanóirí-íospartaigh agus ar a gcomhoibrithe, féadfaidh siad maoin oibre, am nó trealamh a úsáid chun dochar a dhéanamh, rud a imríonn tionchar ar a bhfreastal, ar a f(h)eidhmíocht agus ar a sábháilteacht féin ag an obair (féach: [lompár san ionad oibre](#)). Mar thoradh air seo tá costas ard ar an ionad oibre; meastar gurb é €2.7 billiún costas bliantúil a bhaineann le foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach in Éirinn, agus ioncam/táirgiúlacht a cailleadh an sciar is mó díobh⁶.

“D'fhéadfadh saol na hoibre pointe iontrála a chur ar fáil chun éifeachtaí an fhoréigin teaghlaigh a mhaolú. Is féidir le fostóirí agus comhoibrithe beatha daoine a shábháil trí áit shábháilteachta agus dlúthpháirtíochta a chur ar fáil a fheidhmíonn mar nasc le seirbhísí pobail, agus le cásanna foréigin a nótaíl freisin.”

An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, 2019

Tá fostóirí i riocht láidir chun tacú le fostaithe atá thíos le drochíde sa teaghlach agus tá go leor buntáistí ag baint leis sin a dhéanamh.

Chomh maith leis na buntáistí d'fhostaithe aonair nuair a thugtar tús áite dá sláinte, dá sábháilteacht agus dá bhfolláine, d'fhéadfadh fostóirí tairbhe a bhaint as táirgiúlacht fheabhsaithe, coinneáil fostaithe agus dílseacht, agus athrú laghdaithe foirne, rud a fhágann go mbeidh costais earcaíochta agus oiliúna níos ísle mar thoradh air.

⁵ <https://osha.europa.eu/en/publications/building-safe-spaces-domestic-violence-and-workplace>

⁶ <https://www.safeireland.ie/wp-content/uploads/Assessing-the-Social-and-Economic-Costs-of-DV-July2021.pdf>


Faisneis riachtanach	<p>Ní mór d'fhostóirí saoire um fhoréigean teaghlaigh a chur ar fáil chun:</p> <ul style="list-style-type: none">• Fostaithe a raibh nó a bhfuil foréigean teaghlaigh á dhéanamh orthu.• Fostaithe atá ag tacú le duine iomchuí a raibh nó a bhfuil foréigean teaghlaigh á dhéanamh orthu. <p>Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: Saoire um fhoréigean teaghlaigh.</p>
Ábhair eile mhachnaimh	<p>Chun éifeacht fhiúntach a thabhairt don reachtaíocht, moltar d'fhostóirí saoire um fhoréigean teaghlaigh a leabú laistigh de fhreagairt eagraíochtúil níos leithne ar dhrochíde sa teaghlach. Cuimsíonn Teimpléad an Pholasaí gach gné mholta d'fhreagairt san ionad oibre, agus leathnaítear gach cearn acu laistigh den Nóta Treorach seo.</p> <p>Cé gur féidir saoire um fhoréigean teaghlaigh a thairiscint gan polasaí agus na forálacha a mholtar a shocrú, tá go leor bacainní roimh mharthanóirí-íospartaigh a lorgaíonn cabhair (féach: Nochtadh). D'fhéadfaí iad a dhíspreagadh ó nochtadh nuair nach bhfuil sé soiléir go bhfaighidh siad tacaíocht shábháilte agus éifeachtach. Leagtar amach i bpolasaithe eagraíochtúla róil agus freagrachtaí na bhfostaithe ag gach leibhéal agus, i gcás foréigean teaghlaigh, is féidir leo cur leis an dóchúlacht go mbeidh muinín agus toilteanas ag fostaí atá buartha faoi oibrí eile freagra a thabhairt ar an gceist. Trí pholasaí um fhoréigean teaghlaigh a thabhairt isteach, leagtar béim ar neamh-inghlacthacht an fhoréigin, rud a chuireann le dearcadh neamhfhulaingthe i leith an chineáil drochíde seo.</p>



3. Incháilitheacht

<p>Cúlra</p>	<p>Níl aon 'chineál duine' ann a ndéantar foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach air/uirthi. Is féidir le duine d'aois ar bith, náisiúntacht, cumas, reiligiún, stádas socheacnamaíoch, agus tosca eile a bheith ag fulaingt foréigin agus drochíde ag iar-/pháirtí nó ball teaghlaigh. Cuireann sé seo i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcuirfí forálacha freagartha san ionad oibre ar dhrochíde sa teaghlach ar fáil do gach fostaí.</p> <p>Is próiseas fada agus deacair é an turas a shiúlann marthanóirí-íospartaigh. I gcomhthéacs an fhoréigin dlúthpháirtí, is gnách do lucht déanta na coire leanúint den mhí-úsáid fiú tar éis an scartha. Mar shampla, d'fhéadfaidís stalcaireacht a dhéanamh ar iarpháirtí, iad a chiapadh ar líne, nó cuairteanna rochtana ar leanaí a úsáid mar bhealach chun leanúint lena d(h)rochíde.</p>
<p>Faisneis riachtanach</p>	<p>Níl aon riachtanas seirbhíse ann maidir le teidlíocht ar shaoire um fhoréigean teaghlaigh, agus baineann sé le gach fostaí bíodh sí drochíde atá á fulaingt nó a fulaingíodh (féach: Saoire um fhoréigean teaghlaigh). Sa chás go bhfuil ceisteanna ann maidir le stádas fostaíochta duine, mar aon le teidlíochtaí fostaíochta eile, ba cheart comhairle shonrach a lorg.</p> <p>Cé go moltar rúndacht agus discríd maidir le saincheist íogair an fhoréigin teaghlaigh (féach: Rúndacht), tá sé inghlactha míniú leordhóthanach a lorg ón bhfostaí chun a fháil amach an dtagann teidlíocht ar shaoire um fhoréigean teaghlaigh chun cinn.</p> <p>Cuirtear in iúl, leis an Nóta seo, gur chóir d'fhostóirí a bheith aireach ar an am deacair a bhfuil an fostaí ag dul tríd, agus a bheith cúramach gan cur leis an anacair gan ghá nó de thaisme.</p>
<p>Ábhair eile mhachnaimh</p>	<p>Moltar go gcuirfí gach gné de fhreagra fostóra ar dhrochíde sa teaghlach ar fáil do gach fostaí.</p> <p>Taobh amuigh d'fhostaithe díreacha, ba cheart d'fhostóirí machnamh a dhéanamh i dtaobh na féidearthachta saoire um fhoréigean teaghlaigh agus forálacha polasaithe eile a shíneadh chuig daoine ábhartha eile amhail baill foirne gníomhaireachta agus ar conradh, oibríthe deonacha agus oiliúnaithe.</p>

4. Conas rochtain a fháil ar fhorálacha an pholasaí

<p>Cúlra</p>	<p>Nuair a thairgeann polasaí eagraíochtúil roghanna tacaíochta éagsúla don fhoireann, teastaíonn soiléireacht ó fhostaithe maidir leis na céimeanna a chaithfidh siad a ghlacadh chun rochtain a fháil orthu. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás foréigean teaghlaigh; Mar gheall ar nádúr casta agus íogair na saincheiste, beidh fostaithe a d'fhulaing ag iarraidh tuiscint shoiléir a fháil ar an bpróiseas chun rochtain a fháil ar a fhorálacha chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh faoi thairbhe a bhaint as.</p> <p>Tá soiléireacht ar an bpróiseas tairbheach freisin dóibh siúd a bhfuil ról acu riar ar fhostaithe a bhfuil drochíde sa teaghlach á bhfulaingt acu. Mar shaincheist, gur beag is dócha an cur amach atá acu air, agus tá treoir shoiléir i scríbhinn tríd an bpolasaí riachtanach dóibh chun tacú go cuí le fostaithe a bhfuil baint aige seo leo.</p>
<p>Faisneis riachtanach</p>	<p>Moltar d'fhostaithe a chur ar an eolas go bhfuil saoire um fhoréigean teaghlaigh ar fáil (féach: Saoire um fhoréigean teaghlaigh), conas is féidir leo iarratas a dhéanamh ar an tsaoire, agus an polasaí gaolmhar. Ba chóir don fhostóir cinneadh a dhéanamh maidir leis an modh is éifeachtaí don chumarsáid tosaigh seo (féach: Múscailt feasachta agus oiliúint). Tar éis, nó i gcomhar leis an gcumarsáid tosaigh, moltar go n-áireofaí polasaí maidir le saoire um fhoréigean teaghlaigh sa Lámhleabhar d'Fhostaithe, nó i bhfoinse eile polasaí a bhaineann le fostaíocht. Cuireann Teimpléad an Pholasaí creat ar fáil dá bhfuil d'ábhar ann.</p> <p>I bhfianaise chineál na gcúiseanna áirithe ar féidir saoire um fhoréigean teaghlaigh a thógáil ina leith. (féach: Saoire um fhoréigean teaghlaigh), níl aon réamhrabhadh ar fáil. Ar chúiseanna eile tá réamhfhógra infheidhme agus is féidir an tsaoire a iarraidh roimh ré, mar shampla má tá sé á úsáid chun freastal ar éisteacht sceidealta cúirte.</p> <p> Pléitear riaradh agus doiciméadú saoire um fhoréigean teaghlaigh faoi Rún. Mar sin féin, ba cheart nósanna imeachta ábhartha a shocrú i gcomhthéacs socrúithe taifeadta saoire atá i bhfeidhm cheana féin.</p> <p>Tá rogha ag an bhostóir cinneadh a dhéanamh ar na tacaíochtaí breise, más ann dóibh, a d'fhéadfaí a chur ar fáil d'fhostaithe (féach: Tacaíochtaí atá ar fáil). Ba chóir fostaithe a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, nó mura sonraítear iad, ba cheart dóibh a chur in iúl cé uaidh ar chóir dóibh tacaíocht a lorg.</p>

Duine ainmnithe

I bhformhór na n-áiteanna fostaíochta, cuirtear fógra maidir le neamhláithreachta agus ceadú le haghaidh neamhláithreachta in iúl go díreach leis an mbainisteoir líne.

Ba cheart d'fhostóirí machnamh a dhéanamh maidir le duine ar leith eile a bheith ann a mbeadh sé cuí lena (h)ainmniú mar dhuine teagmhála le haghaidh saoire um fhoréigean teaghlaigh (féach: [Saoire um fhoréigean teaghlaigh](#)) agus, nuair is infheidhme, aon tacaíochtaí eile atá ar fáil (féach: [Tacaíochtaí atá ar fáil](#)). Ba cheart d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil rochtain ar thacaíocht neamhchasta agus faoi rún.

Ag brath ar struchtúr na heagraíochta, d'fhéadfadh ról den sórt sin titim go nádúrtha d'aon duine a fhreagraíonn d'ábhair imní maidir le folláine fostaithe go ginearálta, mar shampla:

- Bainisteoirí daoine
- Ionadaithe Acmhainní Daonna
- Úinéir an ghnóthais

Sa chomhthéacs seo, moltar don fhostóir machnamh a dhéanamh ar conas is féidir oiliúint agus tacaíochtaí a chur ar fáil don duine/do na daoine ainmnithe ionas go mbeidh siad in ann freagairt go héifeachtach do nochtadh agus ceistanna fostaithe maidir leis an bpolasaí (féach: [Múscailt feasachta agus oiliúint](#)). B'fhéidir gur mhaith le fostóirí tacaíocht nó comhairle bhreise a lorg ó chomhlachtaí fostóra, ó chomhairleoirí Acmhainní Daonna, etc., de réir mar is cuí.

Tacaíocht don duine ainmnithe

I gcomhréir lena ndualgas cúraim d'fhostaithe, ba cheart d'fhostóirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaítear leis an duine/na daoine ainmnithe ina ról. I gcás nach bhfuil duine ainmnithe i ról bainistíochta nó i ról eile i gcás ina bhfuil am tiomnaithe acu chun tacú le fostaithe, ba cheart machnamh a dhéanamh ar a chinntiú go dtugtar dóthain ama dó/di chun tacú go leordhóthanach le fostaí a bhfuil baint aige seo leo. Ba cheart faisnéis a thabhairt do dhuine/do dhaoine ainmnithe freisin maidir le conas is féidir leo rochtain a fháil ar thacaíocht dóibh féin agus ba cheart iad a éascú chun é sin a dhéanamh.

Samplaí de roghanna tacaíochta don duine/do na daoine ainmnithe:

- Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta Chúnamh na mBan: **1800 341 900**
- Tacaíochtaí ábhartha san ionad oibre amhail Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, nuair atá siad ar fáil.

5. Nochtadh

Cúlra

Chun rochtain a fháil ar thacaíocht maidir le foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach óna bhfostóir, ní mór d'fhostaí an chéim a ghlacadh chun a f(h)ulaingt a nochtadh do dhuine ag an obair. Ní tasc éasca é seo; Is minic a bhíonn daoine a ndearnadh foréigean teaghlaigh orthu aireach faoi insint do dhuine faoina gcás. B'fhéidir go bhfuil eagla nó náire orthu go ndéanfaí breithiúnas orthu nó go gcuirfeadh milleán orthu as an drochíde. D'fhéadfadh imní a bheith orthu freisin go bhféadfadh freagairt duine iad a chur i mbaol nó iarmhairtí diúltacha a bheith acu ar aon mhothúcháin sábháilteachta agus faoisimh a thugann a n-ionad oibre dóibh.

Tá sé ríthábhachtach a thuiscint go bhféadfadh an t-iarpháirtí drochídeach nó an ball teaghlaigh drochídeach nochtadh á f(h)ulaingthe ar dhrochíde ó dhuine eile a mheas mar bhagairt ar an gcumhacht agus ar an smacht atá faighte acu ar an íospartach-marthanóir. Féadfaidh siad freagairt don bhagairt sin trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **An mhí-úsáid a láidriú**
Is féidir leis an drochídeoir déine na gcineálacha drochíde atá ann cheana féin i gcoinne an íospartaigh-marthanóir a mhéadú nó seifteanna nua a thabhairt isteach chun cumhacht agus smacht a choinneáil.
- **Sabaitéireacht a dhéanamh ar acmhainní cabhracha**
Is féidir leis an drochídeoir iarracht a dhéanamh sabaitéireacht a dhéanamh ar aon naisc atá déanta ag an íospartach-marthanóir nó aon nó acmhainní atá aige/aici a mhéadaíonn a s(h)ábháilteacht nó a s(h)aoirse agus a p(h)eirspectíocht faoin drochíde atá á déanamh orthu a leathnú.



Is tréimhse bhaolach í don duine aonair a bhfuil drochíde á tabhairt di/dó cásanna foréigin teaghlaigh a nochtadh, éalú a phleanáil, nó an páirtí drochídeach a fhágáil. Ní mór freagra ar fhostaí atá ag nochtadh a f(h)ulaingthe a mheas agus tosaíocht a thabhairt i gcónaí do shábháilteacht an fhostaí. **Dá bhrí sin, is bunphrionsabail iad rúndacht a mheas agus a bheith faoi stiúir fostaithe chun freagairt dó/dí go sábháilte agus go héifeachtach.**

Is féidir freagairt do dhrochíde sa teaghlach san ionad oibre a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach, trí chomhrá a thosú má tá táscairí ann go bhféadfadh fostaí a bheith ag fulaingt foréigean teaghlaigh. D'fhéadfadh sé a bheith frithghníomhach freisin, nuair is fostaí an duine a thosaigh an comhrá ar dtús agus chomhroinnt a c(h)uid fulaingthe.

Bheith in ann comharthaí ar fhoréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a fheiceáil

D'fhéadfadh aithint tháscairí an fhoréigin teaghlaigh agus na drochíde sa teaghlach a bheith ríthábhachtach in ag cabhrú le fostaí a bhfuil drochíde den sórt sin á tabhairt dó/dí. D'fhéadfadh na comharthaí a bheith éagsúil ó dhuine amháin go dtí an chéad duine eile agus b'fhéidir nach mbeidís le feiceáil ar chor ar bith. De ghnáth beidh ann do níos mó ná comhartha amháin a chruthódh inní faoin bhfostaí sin. Má tá rud éigin á rá leat nach raibh gach rud i gceart, is dócha gur mar atá – cé nár cheart glacadh leis gur foréigean teaghlaigh atá ann, d'fhéadfadh sé a bheith ann.


Déantar samplaí de roinnt comhtháscairí a ghrúpáil sna catagóirí thíos. Níor cheart don fhostóir agus don duine/do na daoine ainmnithe glacadh leis riamh go gciallaíonn aon cheann de na tosca seo go bhfuil fulaingt drochíde ann. Ba cheart dóibh cur chuige a ghlacadh maidir le nochtadh a chumasú seachas drochíde a dhiagnóisiú nó a réamh-mheas. Chomh maith leis sin, níor cheart glacadh leis go gciallaíonn easpa comharthaí den sórt sin nach bhfuil ann den drochíde.

Tinreamh oibre, táirgiúlacht agus rannpháirtíocht	Iompar sóisialta	Comharthaí ar dhrochíde ag dul in olcas
<p>Neamhláithreacht gan mhíniú go minic ón obair nó méadú ar shaoire bhreoteachta.</p> <p>Athruithe gan mhíniú ar amanna tosaithe nó a bheith déanach do chruinnithe, ar líne nó go pearsanta.</p> <p>Ní ghlacann sé páirt i nglaoanna ná i gcruinnithe ar líne, nó tá sé balbhaithe nó tá an fiseán as ar feadh tréimhsí fada.</p> <p>Uaireanta oibre:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Líon neamhghnách uaireanta an chloig a chaitheamh ag an obair gan aon chúis shoiléir • Ar mian leo uaireanta oibre a athrú gan aon chúis shoiléir • Eaglach faoi gan a bheith ar shiúl ón obair in am <p>Cailítear spriocanna feidhmíochta agus spriocdhátaí, agus déantar botúin.</p> <p>Imríonn téacsanna, teachtaireachtaí ríomhphoist, glaonna nó cuairteanna ar obair ó páirtí an fhostaí nó briseadh san obair mar gheall air/uirthi tionchar ar chaighdeán na hoibre. Comharthaí anacair nuair a tharlaíonn siad seo.</p>	<p>A bheith scoite amach ó chomhghleacaithe – gan a bheith i gcomhlúadar comhghleacaithe ag amanna sosa, gan páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta oibre.</p> <p>Rúndacht faoi shaol baile agus caidrimh.</p> <p>Leithlisiú ó chlann agus ó chairde.</p>	<p>Athruithe ar iompar – ag éirí ciúin, inmíoch, scanraithe, ionsaitheach, seachantach nó dúlagar.</p> <p>Athruithe fisiciúla:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ballbhrúnna infheicthe nó gortuithe le mínithe aisteach • Athruithe ar éadaí, ar nós muinchillí fada a chaitheamh chun gortuithe a cheilt • Athruithe ar chuma, e.g., in úsáid agus i bpatrún an smididh • Tuirse agus greannaitheacht • Úsáid/mí-úsáid substaintí • Páirtí nó iarpháirtí ag stalcaireacht fostaí san ionad oibre nó timpeall air nó ar na meáin shóisialta • Páirtí nó iarpháirtí a chuireann méid neamhghnách smachtaithe nó éilimh ar sceideal oibre i bhfeidhm

Ag cur tús leis an gcomhrá

D'fhéadfadh bainisteoir aghaidh a thabhairt ar go leor de na táscairí a bhfuil cur síos orthu thuas a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht i ngnáthchúrsa imeachtaí, gan aon amhras faoi dhrochíde sa teaghlach. Is éard a bheadh i gceist le dea-chleachtas bainistíochta, sna cúinsí seo, ná iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an tsaincheist feidhmíochta/tinrimh. D'fhéadfadh nochtadh tarlú in idirphlé den sórt sin, gan aon chúis imní roimhe seo go bhféadfadh foréigean teaghlaigh a bheith ina shaincheist.



Má tá imní ar dhuine ainmnithe (féach: [Conas rochtain a fháil ar fhorálacha an pholasáí > Duine ainmnithe](#)) faoi fholláine fostaí, is cuí dóibh a n-imní a chur in iúl don fhostaí sin. Níltear ag súil go mbeidh siad ag tacú le hoibríthe nó comhairleoirí don fhostaí atá ag fulaingt. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbraitheann siad go bhfuil siad ullmhaithe agus inniúl go leor chun a n-imní a chur in iúl agus freagairt do riachtanais an fhostaí i gcomhthéacs na bhforálacha polasaithe san ionad oibre (féach: [Nochtadh > Na teorainneacha gairmiúla](#)).

Conas tús a chur leis an gcomhrá go measúil agus go híogair.	
<p>Bí ullamh</p> 	<p>Pleanáil ar aghaidh agus socraigh cruinniú duine le duine go pearsanta i spás príobháideach nuair nach féidir leat a bheith róthógtha, mar a dhéanfa le haon chruinniú a bhaineann le faisnéis íogair. Má tá fostaí ag obair go cianda nó go hibrideach, is seift úsáideach í a iarraidh orthu freastal ar chruinniú ag an suíomh oibre. Cuir eolas ar an bpolasaí agus ar na roghanna tacaíochta a chuireann sé ar fáil roimh an gcomhrá.</p>
<p>Cuir tús leis an gcomhrá</p>	<p>Tosaigh comhrá ar bhealach a thugann spás don fhostaí a f(h)ulaingt a nochtadh más mian leis/léi é sin a dhéanamh.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bain úsáid as teanga choirp oscailte agus bí aireach ar spás pearsanta ionas nach mbraitheann an ball foirne faoi bhagairt. • Imní a léiriú maidir le folláine an fhostaí trí fhiafraí cén chaoi a bhfuil siad, ag míniú go bhfuil imní ort, agus ag tabhairt faoi deara aon cheann de na táscairí a thug tú faoi deara (féach: Nochtadh > Bheith in ann comharthaí ar fhoréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a fheiceáil). • Bain úsáid as ceisteanna nó ráitis indíreacha, neamhbhagracha a léiríonn don fhostaí go bhfuil rud éigin tugtha faoi deara agat agus go bhfuil tú sásta comhrá a bheith agat faoi. Cuir in iúl dóibh go bhfuil tú ann chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt. <p>Ceisteanna agus ráitis shamplacha chun tús a chur le comhrá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ní gá duit aon rud a chomhroinnt liom arbh fhearr leat gan ach tá mé anseo chun tacú leat má tá agus nuair a bhíonn tú réidh. • Thug mé faoi deara gur cosúil go bhfuil d'aird ar rudaí eile agus go mbíonn tuirseach le déanaí. An bhfuil rud éigin ag cur isteach ort? • Conas atá tú? Má theastaíonn comhrá nó tacaíocht uait, táim anseo duit.
<p>Tús áite a thabhairt do rúndacht</p>	<p>Cuir in iúl don fhostaí go bhfuil an comhrá faoi rún ach bí trédhearcach faoi aon teorainneacha leis an rúndacht sin (féach: Rúndacht).</p>


Tá sé riachtanach meas a léiriú ar rogha fostaí má roghnaíonn siad gan a gcás a nochtadh. B'fhéidir nach mbraitheann an fostaí sábháilte nó réidh chun labhairt faoina f(h)ulaingt nó b'fhéidir nach n-aithneoidh sé/sí é mar dhrochíde sa teaghlach. Ba cheart don duine ainmnithe leanúint de thimpeallacht thacúil a chruthú a ligeann don fhostaí nochtadh nuair a bhíonn siad compordach, gan brú míchuí a chur air/uirthi.

Ag tabhairt aghaidhe ar nochtadh

Má nochtann fostaí go bhfuil drochíde á tabhairt dó/dí ag ball teaghlaigh nó ag an bpáirtí atá aige/aici faoi láthair nó a bhí aige/aici:

DÉAN	NÁ DÉAN
Éist gan bhreithiúnas	Cuir grinncheisteanna mar gheall ar an drochíde
Creideamh a chur in iúl	Cuir amhras, breithiúnas, nó iontas in iúl
Bailíochtaigh an cinneadh maidir le nochtadh	Déan tuairimí nó cuir ceisteanna a bhaineann an bonn den mhéid atá á fhulaingt ag an bhfostaí, mar shampla, 'Cén fáth a gcuireann tú suas leis sin?'
 Béim a chur ar rúndacht, lena n-áirítear aon teorainneacha leis (féach: Rúndacht)	Tabhair comhairle nó inis dóibh cad atá le déanamh
 Tacaíocht phraiticiúil ábhartha a thairiscint (féach: Tacaíochtaí atá ar fáil)	Brú a chur orthu gníomh ar leith a dhéanamh
Comhairle a thabhairt faoi na chéad chéimeanna eile i bpróiseas aontaithe na heagraíochta, e.g. pleanáil sábháilteachta agus folláine (féach: Sábháilteacht san ionad oibre)	Déan ráitis phearsanta dhiúltacha láidre nó ná lig sé béic uafáis asat faoina d(h)rochídeoir.
Pleanáil le haghaidh cumarsáide amach anseo ar an ábhar seo. Cuirfidh roinnt fostaíthe fáilte roimh sheiceáil isteach go minic, agus b'fhéidir gurbh fhearr le daoine eile teacht chugatsa nuair is gá.	

Seo roinnt freagraí cabhracha ó bhéal is féidir a úsáid chun freagra a thabhairt ar an nochtadh tosaigh. Feidhmíonn siad chun fulaingt an fhostaí a dhearbhu agus a bhailíochtú, an milleán a aistriú uathu, agus dóchas a thabhairt.	<ul style="list-style-type: none"> • “Go raibh maith agat as é seo a chomhroinnt liom.” • “Óna bheith ag éisteacht leat tá cuma na drochíde air.” • “Ní ortsa atá an locht.” • “Tá sé de cheart agat saol a chaitheamh saor ó fhoréigean, drochíde agus eagla.” • “Tá roghanna agat agus is féidir linn cabhrú leat tacaíocht a fháil.”
---	--

<p>Faisneis riachtanach</p> 	<p>Ba chóir d'fhostóirí a bheith ar an eolas faoi chomharthaí an fhoréigin teaghlaigh agus timpeallacht a chothú ina mbraitheann fostaithe ar a suaimhneas agus iad ag lorg cúnamh nó ag nochtadh a bhfulaingthe. Ba cheart go n-urramódh an freagra cinntí an fhostaí lena mbaineann agus go dtabharfaí tús áite do rúndacht (féach: Rúndacht), agus fíor-imní a léiriú le toilteanas éisteacht gan bhreithiúnas. Cuireann Teimpléad an Pholasaí acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil ar féidir le fostaí atá ag fulaingt foréigean teaghlaigh leas a bhaint astu agus ba chóir iad a dhíriú ar na hacmhainní seo (féach: Tacaíochtaí atá ar fáil).</p> <p>Chun tacú le duine/daoine ainmnithe freagairt go muiníneach agus go tacúil, ba cheart d'fhostóirí an próiseas a aontú maidir leis an méid a tharlaíonn nuair a thugtar nochtadh. Moltar go n-áireofaí leis an bpróiseas seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Taifid a choinneáil a bhaineann leis an nochtadh agus le haon bhearta tacaíochta a iarrtar (féach: Rúndacht agus Maidir le taifid a choinneáil). • Pleanáil sábháilteachta agus folláine (féach: Sábháilteacht san ionad oibre). • Minicíocht agus modh cumarsáide a aontú leis an bhfostaí lena mbaineann faoin tsaincheist tar éis an nochtadh.
--	---

<p>Na teorainneacha gairmiúla</p>	
	<p>Tá sé intuigthe go bhféadfadh imní a bheith ar fhostóirí faoin áit a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn a ndualgas cúraim d'fhostaí atá ag fulaingt mar gheall ar fhoréigean teaghlaigh. Mar aon le haon cheist folláine, tosaíonn sé trí bheith san airdeall ar imní faoi fhostaí agus tús a chur le comhrá chun tacaíocht a thairiscint. Baineann an tacaíocht a thairgtear le haon cheann de na forálacha atá leagtha amach sa pholasaí um fhoréigean teaghlaigh san ionad oibre (féach: Tacaíochtaí atá ar fáil). Má theastaíonn leibhéal tacaíochta ón bhfostaí lena mbaineann nach dtugann an polasaí eagraíochtúil, ba cheart don fhostóir a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bhfostaí ar an bhfaisnéis a theastaíonn uaidh/uaithi chun seirbhís tacaíochta um fhoréigean teaghlaigh a lorg, a d'fhéadfadh a bheith ullmhaithe níos fearr chun an tacaíocht leanúnach agus speisialaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil air/uirthi a thabhairt dó/di.</p> <p>Ní hé ról aon duine san ionad oibre déileáil leis an drochíde féin. Ina ionad sin, ba cheart don fhreagairt san ionad oibre díriú ar aghaidh a thabhairt ar thionchair na dhrochíde sa teaghlach ar an obair, tacú leis an bhfostaí lena mbaineann a mhéid a thugann an polasaí, agus an áit a bhfuil teacht ar shainseirbhísí a chur in iúl dó/di (féach: Atreoruithe).</p>

Ag nochtadh do chomhghleacaí



Féadfaidh fostaí a d'fhulaing nó atá ag fulaingt foréigean teaghlaigh a roghnú a gcás a nochtadh do chomhghleacaí nó do chomhoibrithe iontaofa. Ba cheart go gcinneofar sa pholasaí go bhfuil an fhaisnéis bhunúsach atá dhíth ag gach ball foirne chun an fostaí lena mbaineann a threorú chuig an bpolasaí ionaid oibre um fhoréigean teaghlaigh.

I gcásanna ina gcuireann comhoibrí in iúl do dhuine ainmnithe go bhfuil amhras air/uirthi nó gur dúradh leis/léi go bhfuil drochíde á tabhairt d'fhostaí, ní cuí don duine ainmnithe an fhaisnéis sin a nochtadh don fhostaí. Ina áit sin, ba cheart an comhoibrí a spreagadh chun an fostaí a chur ar an eolas faoi na hacmhainní agus na bealaí tacaíochta atá ar fáil.

Ag obair ón mbaile



Is féidir le hobair ón mbaile déine an fhoréigin teaghlaigh agus na drochíde a chuirtear ar mharthanóirí-íospartaigh a mhéadú mar go bhféadfadh níos mó deiseanna a bheith ag duine déanta na coire drochíde a thabhairt. D'fhéadfadh sé nach mbeadh aon faoiseamh ón drochíde ag fostaí atá ag fulaingt ó fhoréigean teaghlaigh, nach mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar spás sábháilte, agus is minic a bhíonn bacainní orthu cabhair a lorg agus cumarsáid a dhéanamh faoin drochíde le bainisteoirí agus comhghleacaithe.

Níor cheart do dhuine/do dhaoine ainmnithe agus d'fhostaithe eile a bhfuil amhras orthu go bhfuil drochíde á déanamh ar fhostaí iarracht a dhéanamh an comhrá a thosú trí aon mhodh cumarsáide agus an fostaí sin ag obair ón mbaile ar fhaitíos go ndéanfadh an drochídeoir monatóireacht orthu. Ba cheart cruinniú pearsanta in áit shábháilte a eagrú ina ionad.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh fostaí ón mbaile an t-am ar fad nó cuid den am, moltar go mbeadh rogha ar fáil dóibh oibriú ón suíomh oibre nuair is gá. In eagraíochtaí nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart machnamh a dhéanamh ar rochtain a sholáthar ar shuíomh oibre sábháilte eile.

Cé go bhféadfadh roinnt fostaí atá ag fulaingt drochíde sa teaghlach fáilte a chur roimh rochtain a bheith acu ar an láithreán oibre nó spás sábháilte eile chun obair a dhéanamh, níor cheart d'fhostóirí toimhdí a dhéanamh faoi riachtanais fostaí. Tar éis nochtadh agus sa chás gur cianoibrí nó oibrí hibrídeach é fostaí, moltar go rachfaí i gcomhairle leis/léi maidir lena riachtanais sábháilteachta agus folláine maidir lena s(h)uíomh oibre (féach: [Sábháilteacht san ionad oibre](#)).

<p>Ábhair eile mhachnaimh</p>	<p>Ag cruthú timpeallachta san ionad oibre atá neamhdhíobhálach do nochtadh</p> <p>Ba cheart d'eagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcruthóidh siad timpeallacht a léiríonn sábháilteacht agus a chothaíonn muinín i measc fostaithe go dtacófar leo go sábháilte agus go héifeachtach más gá dóibh tacaíocht a lorg maidir le foréigean teaghlaigh. Trí thimpeallacht den sórt sin a chruthú, is féidir le fostaithe atá ag fulaingt a spreagadh chun nochtadh do dhuine ainmnithe nó d'fhostaí eile san ionad oibre.</p> <p>Smaointe chun tacú le timpeallacht san ionad oibre atá neamhdhíobhálach don nochtadh a chruthú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tiomantas ceannaireachta sinsearaí infheicthe Tá tionchar criticiúil ag tiomantas na n-eagraíochtaí chun cur i gcoinne an fhoréigin teaghlaigh ag na leibhéil is sinsearaí i ngach eagraíocht ar mhuintir a chothú maidir le freagairt an ionaid oibre agus socraíonn sé an tslí maidir leis an gcaoi a dtéann fostaithe i ngleic leis an gceist. Ba chóir go mbeadh teachtaireachtaí na gceannairí sinsearaí le feiceáil ag gach fostaí agus ba chóir go mbeadh sé soiléir go gcreidfear agus go dtacófar le haon duine a nochtann drochíde sa teaghlach. D'fhéadfadh sé a bheith i bhformáid scríofa, amhairc nó físe. • Réimse roghanna tacaíochta praiticiúla Léiríonn réimse roghanna tacaíochta chomh maith le saoire um fhoréigean teaghlaigh tiomantas na heagraíochta do thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe atá ag fulaingt (féach: Tacaíochtaí atá ar fáil). • Oiliúint agus muscailt feasachta Oiliúint a chur ar fáil do dhuine/do dhaoine ainmnithe agus a chur chun cinn go ndearnadh é seo chun fostaithe a chur ar a suaimhneas go bhfuil daoine san eagraíocht a bhfuil tuisicint aige/aici ar a bhfuil atá á bhfulaingt acu (féach: Muscailt feasachta agus oiliúint). • Príobháideachas agus rúndacht Ba cheart d'fhostóirí machnamh a dhéanamh ar cad is féidir leo a dhéanamh chun fostaithe a chur ar a suaimhneas go dtabharfar tosaíocht do phríobháideachas agus do rúndacht má roghnaíonn siad iad a nochtadh. Is cabhair é an fócas sin ar rúndacht a leathnú amach thar cheist an fhoréigin teaghlaigh; ba chóir é a leabú mar ghnáthchleachtas laistigh de gach polasaí eagraíochtúil ábhartha (féach: Rúndacht).
	<p>Ceardchumainn</p> <p>I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh fostaithe a n-ionadaí ceardchumainn a lorg chun a bhfulaingt ar fhoréigean teaghlaigh a nochtadh. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh eagraíochtaí tairbhe a bhaint as ceardchumainn a bheith rannpháirteach i bhforbairt a bhfreagairt san ionad oibre ar dhrochíde sa teaghlach agus an próiseas a shainiú chun tacú le fostaithe atá ag fulaingt agus a nochtann d'ionadaí ceardchumainn.</p>

6. Rúndacht

<p>Cúlra</p>	<p>Is tráth riosca méadaithe é foréigean teaghlaigh a nochtadh d'fhostaithe atá ag fulaingt (féach: Nochtadh) agus d'fhéadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith ag láimhseáil mhíchuí a gcuid faisnéise, lena n-áirítear dochar nó díobháil thromchúiseach. D'fhéadfadh fostaithe atá ag fulaingt a bheith buartha freisin faoin bhféidearthacht damáiste clú agus iarmhairtí diúltacha gairmiúla, lena n-áirítear tionchair ar a ndul chun cinn gairme agus a bpost a chailleadh má fhaigheann daoine eile amach faoina gcás. Dá bhrí sin, má nochtar faisnéis i gcoinne mhianta an fhostaí lena mbaineann, déantar an dochar a dhéanann an drochídeoir a chumasc agus d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar nochtadh amach anseo ó bhaill eile foirne. Tacaíonn polasaithe agus nósanna imeachta soiléire, cuimsitheacha chun rúndacht a choinneáil le cultúr san ionad oibre ina mbraitheann fostaithe sábháilte ag caint le duine agus ag lorg tacaíochta.</p>
<p>Faisneis riachtanach</p>	<p>Ní mór aon fhaisnéis a bhaineann le nochtadh foréigean teaghlaigh a choinneáil faoi rún daingean. Ní mór d'fhostóirí rúndacht a mheas maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ag comhroinnt faisnéise le daoine eile • An chaoi le taifid a choinneáil tar éis an nochtá • Ag riar ar shaoire um fhoréigean teaghlaigh • An chaoi le saoire um fhoréigean teaghlaigh a dhoiciméadú ar dhuillíní pá

Ag comhroinnt faisnéise le daoine eile

Ní mór caitheamh go hígair le faisnéis maidir le nochtadh foréigin teaghlaigh fostaí agus ní mór í a chomhroinnt ach amháin leo siúd ar gá dóibh fios a bheith acu chun plean sábháilteachta san ionad oibre a chur i bhfeidhm (féach: [Sábháilteacht san ionad oibre](#)) nó saoire um fhoréigean teaghlaigh a riar (féach: [Saoire um fhoréigean teaghlaigh](#)). Go hidéalach, lorgaítear cead i scríbhinn ón bhfostaí chun é sin a dhéanamh roimh ré.

Ní gá gurb ionann faisnéis a chomhroinnt le daoine eile agus sárú rúndachta; Ba cheart d'fhostóirí machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo faisnéis a chomhroinnt chun toradh sonrach a bhaint amach gan faisnéis inaitheanta phearsanta faoin bhfostaí a scaoileadh nó daoine eile a chur ar an eolas faoina nochtadh foréigin teaghlaigh.



An chaoi le taifid a choinneáil tar éis an nochtá

Féadfaidh an fostóir an méid seo a leanas a choinneáil i gcomhad pearsanra an fhostaí:

- Sonraí an phlean sábháilteachta comhaontaithe san ionad oibre (féach: [Sábháilteacht san ionad oibre](#))
- Sonraí riaracháin amhail foréigean teaghlaigh/saoire speisialta a fhorghas
- Sonraí faoi mhí-úsáid a tharlaíonn san ionad oibre/gar dó nó trealamh san ionad oibre a úsáid

Ní mór d'fhostóirí cothromaíocht a bhaint amach idir rúndacht fostaithe a chur in ord tosaíochta agus cloí leis na rialacha maidir le taifid a choimeád.

Chun seo a dhéanamh:

<p>Socraigh cén faisnéis ba chóir a thaifeadh.</p>	<p>Tugtar breac-chuntas i dTeimpléad an Pholasáí ar thrí chineál faisnéise a d'fhéadfaí a thaifeadh. Ceanglaítear leis an Acht go gcoinneofar taifid ar shaoire um fhoréigean teaghlaigh ar feadh tréimhse trí bliana. Moltar an plean sábháilteachta san ionad oibre a thaifeadh le haghaidh tacaíochta (féach: Sábháilteacht san ionad oibre). Níor cheart sonraí faoin drochíde a chomhroineann an fostaí a thaifeadh ach amháin ar iarratas uaidh/uaithi agus ní ceart iad a thaifeadh ach amháin mar a bhaineann sé leis an ionad oibre (féach: Maidir le taifid a choinneáil).</p>
